

Sleachta as / Extracts from:

Leabhrán Nótaí ar an Litríocht don Scrúdú le hAghaidh Cáilíochta sa Ghaeilge 2005

Marie Whelton

Sleachta as: Mac Suibhne, Aodán agus Whelton, Marie (Údair), *Cúrsa Ullmhúcháin don Scrúdú le hAghaidh Cáilíochta sa Ghaeilge 2005*. Institiúid Oideachais Marino: Baile Átha Cliath, 2005, lgh. 9-10; 25-31; 38-43; 46-50; 97-104.

An Cháilíocht sa Ghaeilge



An Associated College of
Trinity College Dublin, the University of Dublin

Réamhrá

Sa bhliain 2005, bhí ar iarrthóirí ar an gCáilíocht sa Ghaeilge (S.C.G.) staidéar a dhéanamh ar 10 ndán agus ar 6 phíosa próis. Tá leabhrán nótaí iomlán ar an gcúrsa litríochta don bhliain 2005 ar fáil in: Mac Suibhne, Aodán agus Whelton, Marie, *Cúrsa Ullmhúcháin don Scrúdú le hAghaidh Cáilíochta sa Ghaeilge 2005*, Institiúid Oideachais Marino: Baile Átha Cliath, 2005. Is éard atá anseo thíos ná 4 shliocht ón leabhrán maidir le 4 dhán éagsúla in éineacht le réamhnóta ar léamh na filíochta. Tá sé mar aidhm ag na sleachta nótaí gluaise a chur ar fáil do na téacsanna fileata; eolas faoi na filí chomh maith le sonraí faoina gcomhthéacs a sholáthar agus anailís théamach agus stíliúil bhunúsach a dhéanamh ar na téacsanna. Tugtar ceist shamplach ag deireadh gach sleachta.

Sa bhliain 2006, thóg 10 ndán eile áit na filíochta a phléitear san áis seo. Tá gach eolas maidir leis an gcúrsa **reatha** ar fáil in: Mac Suibhne, Aodán agus Whelton, Marie (Údair), *Cóir Ghaoithe: Cúrsa Ullmhúcháin don Scrúdú le hAghaidh Cáilíochta sa Ghaeilge*, Institiúid Oideachais Marino: Baile Átha Cliath, 2006, 2009.

Clár an Ábhair

- Léamh na Filíochta...3
- Géibheann le Caitlín Maude...5
- Cártaí Poist le Louis de Paor...8
- Éiceolaí le Bidy Jenkinson...12
- Gadscaoileadh le Máirtín Ó Direáin...16
- Foinsí...20

Léamh na Filíochta

Scil ar leith is ea léamh na filíochta agus ar nós go leor scileanna eile tá uirlisí seanbhunaithe ann a thugann cabhair don mhac léinn snas a chur ar a c(h)umas léitheoireachta agus léirmheastóireachta. Ceann de na huirlisí sin is ea modh critice ar leith a úsáid. Trí chéim atá sa mhodh critice a bheidh le sonrú sa chúrsa seo (feic Ó Doibhlin do chur síos forbartha ar a bhfuil i gceist le modh critice).

MODH CRITICE

Céim 1: Téacs

Is é an téacs fileata féin an ghné is tábhachtaí sa phróiseas léitheoireachta. Moltar don léitheoir ceithre chéim a thógáil ar dtús:

- An dán a léamh amach os ard.
- An dán a léamh arís go ciúin chun líne a chur faoi na focail sa dán nach dtuigtear.
- Earraíocht a bhaint as an ngluais sa leabhrán seo agus as foclóir eile más gá.
- An dán a léamh arís agus arís eile go dtí gur cuid den léitheoir féin é.

Céim 2: Údar, Comhthéacs agus Seánra

An téacs léite níor mhiste comhthéacs a thabhairt dó. Seo cúpla moladh:

- Tosaigh leis an eolas atá agat cheana féin faoin údar, a s(h)aol agus a s(h)aothar.
- Cuirfidh an nóta beathaisnéise faoi na húdair le do chuid eolais féin.
- Díriú isteach ar an am inar cumadh an dán: Cad a bhí ar siúl ag an am, go náisiúnta, agus go hidirnáisiúnta, mar shampla?

- An luíonn an dán le seánra (*genre*) ar leith? An bhfuil rud ar bith ar eolas agat faoin seánra sin?

Céim 3: Anailís Liteartha

Toisc dúthracht a bheith caite ag an bhfile leis an dán tuilleann a c(h)uid oibre mionanailís a thabharfaidh leibhéal éagsúla an téacs chun solais. Is í an chritic, freisin, a thabharfaidh deis don léitheoir idir thaitneamh samhlaíochta agus thaitneamh mothálach a bhaint as an téacs. Is áisiúil an anailís a dhéanamh mar seo:

- Cuir ceist ort féin ar dtús: ‘Cad é príomhthéama an dáin?’; I bhfocail eile: ‘Cad é sainábhar an dáin?’
- Agus an téama aimsithe agat pioc amach na teicnící liteartha atá in úsáid ag an bhfile chun an téama a fhorbairt agus a fhoilsiú:
 - 1) Ainmnigh an teicníc.
 - 2) Luaigh an dréacht sa dán ina bhfuil an teicníc le feiceáil.
 - 3) Scríobh faoin éifeacht atá ag an teicníc sa dán, is é sin le rá, déan measúnú anailíseach ar an teicníc.

Géibheann

Caitlín Maude

I TÉACS

'Géibheann' le Caitlín Maude, foilsithe in: Ó Coigligh, Ciarán (eagarthóir)
Caitlín Maude: Dánta, Coiscéim: Baile Átha Cliath, 1984.

Foclóirín

Géibheann – daoirse, captivity

Allta – fiáin, wild

Na teochreasa – na tíortha teo, the tropics

Cliú agus cáil – trácht air ar fud an domhain, reputation and fame

Scéimh – áilleacht, dathúlacht, beauty

Chroithfinn – bhogfainn, I would shake

Crainnte na coille – crainn na foraoise, the trees of the forest

Tráth – uair amháin, once upon a time

Gáir – géim, búir, roar

Breathnaím – féachaim, I look

Trí leathshúil – trí shúil amháin, one eye

Crann aonraic – crann ina aonar, lone tree

Chuile lá – gach aon lá, everyday

Mé a ligean amach – mé a shaoradh, to let me out

II ÚDAR, COMHTHÉACS AGUS SEÁNRA

- Ba as Ros Muc, Conamara, ó dhúchas do Chaitlín Maude. Bhain sí céim amach i gColáiste na hOllscoile i nGaillimh. Múinteoir ab ea í. Bhí cáil uirthi, freisin, mar aisteoir mar amhránaí agus mar ghníomhaí i ngluaiseachtaí éagsúla ar son na gcearta sibhialta. Tá eagar curtha ar a saothar in *Caitlín Maude: Dánta* agus *Caitlín Maude: Drámaíocht agus Prós*. Fuair sí bás agus í ró-óg (42) sa bhliain 1982.
- Bíonn gné agóideach (*protesting*) le léamh go minic ar dhánta Maude. Déanann sí iarracht laigí an chórais shóisialta a thabhairt chun solais.

- Dán den chineál sin (dán le teachtaireacht faoin gcóras sóisialta / fabhalscéal) is ea an dán seo.

III ANAILÍS LITEARTHA

A. Príomhthéama an Dáin

Is léir ón teideal gurb é an géibheann nó easpa saoirse is téama don dán. Dán-ráiteas is ea é faoi chearta na n-ainmhithe agus faoi thionchar na daoirse i zú ar an ainmhí fiáin. Déanann an dán cáineadh cliste ar an nós atá ag an gcine daonna ainmhithe fiáine a choimeád i ngairdín na n-ainmhithe.

B. Teicnící Liteartha

An Chéad Phearsa: Guth an Ainmhí

I mbéal an ainmhí atá an chaint ar fad. Toisc go gcuirtear an t-ainmhí ag labhairt glacann an léitheoir go héasca le fírinne a scéil. Ní fianaise thánaisteach (*secondary*) atá os ár gcomhair ach fianaise phríomha an ainmhí atá ag fulaingt i ngéibheann. Cleas éifeachtach is ea an chaint sa chéad phearsa a ligeann don fhile peirspictíocht an ainmhí a léiriú.

Codarsnacht

Is í an chodarsnacht an teicníc is éifeachtaí sa dán. Tá codarsnacht ghlan idir an cuntas a thugann an t-ainmhí, ag tús an dáin, ar a chúlra agus ar a dhúchas, agus an cuntas a thugann sé, sa dara leath, ar a riocht faoi láthair. Ag an tús cuireann sé é féin in aithne dúinn mar ainmhí fiáin. Tá bród le cloisteáil ina ghuth agus tá sé mórtasach as an gclú a bhíodh ar a chuid áilleachta uair dá raibh. Déanann sé maíomh (*he boasts*) as an gcumas a bhíodh aige crainn na foraoise a chur ag luascadh lena ghlór. Íomhá d'ainmhí maorga saor a chruthaítear anseo:

Ainmhí mé

ainmhí allta
as na teochreasa...

chroithfinn crainnte na coille
tráth
le mo gháir...

Sa dara leath cruthaítear pictiúr a sheasann i gcodarsnacht iomlán leis sin. Ainmhí a luíonn síos go spadánta atá ann anois. In áit áilleacht na timpeallachta nádúrtha

níl le feiceáil anois aige ach crann amháin. Níl fiú fonn air a shúile a oscailt go hiomlán chun féachaint ar an gcrann céanna:

Ach anois
luím síos...

Ag an deireadh tá tagairt do na daoine a thagann gach lá chun féachaint air. Cé go ndéanfadh siad rud ar bith dó níl siad réidh an t-aon ní atá ag teastáil uaidh a dhéanamh dó, is é sin é a ligean saor. Tá éadóchas agus brón le léamh sa chuid sin. Éadóchas a sheasann i gcodarsnacht ghéar leis an dóchas agus an mbród a bhí sa chéad chuid. Tríd an gcodarsnacht, tugtar teachtaireacht don chine daonna go bhfuil an milleán orthu as spiorad an ainmhí a bhriseadh.

IV PLÉCHEIST

'Is í an chodarsnacht ghéar idir an pictiúr den ainmhí ag tús an dáin agus an pictiúr den ainmhí ag deireadh an dáin is bun le héifeacht an dáin, 'Géibheann,' le Caitlín Maude. An tuairim sin a phlé.

Cártaí Poist

Louis de Paor

I TÉACS

‘Cártaí Poist’ le Louis de Paor, foilsithe in: *30 Dán*, Coiscéim: Baile Átha Cliath, 1992.

Foclóirín

Criathar – sieve

Craos glórach – torann ag teacht ó bhéal oscailte / scornach, noisy throat

Trálaer – bád iascaireachta, trawler

Clogáin – cloigíní, little bells

Gabhar – goat

Go toll – hollowly

Crann líomóin – lemon tree

Feisteas caointe – éadaí dubha, mourning/keening clothes

Cromtha – lúbtha, stooped

Ualach – load

Ciaróg – beetle

Cráifeach – naofa, pious

Ag triall ar – ag dul go dtí, approaching

Aragal – séipéal beag, oratory

Cois cladaigh – in aice na farraige

Clog pras – brass bell

Slóchta le meirg – piachánach le meirg, hoarse because of rust

Ag casachtaigh – coughing

Aoldaite – whitewashed

Leannáin – beirt atá i ngrá, couples

Bladar – plámás, flattery

Aoire – maor caorach, shepherd

Cianaosta – sean, old

Tábhairne – public house, tavern

Ficheall – chess

Iarlais – síofra, changeling

Garmhac – grandson

Ardán – cnoc, height

Breacaimid – scríobhaimid, we write

Pár – páipéar

Seolaimid ár mbeannachtaí – cuirimid ár ndea-ghuí sa phost, we send our greetings.

II ÚDAR, COMHTHÉACS AGUS SEÁNRA

- Léirmheastóir, file agus léachtóir: rugadh Louis de Paor i gCorcaigh sa bhliain 1961. Fuair sé a chuid ollscolaíochta in Ollscoil Chorcaí áit ar bhain sé céim dochtúra amach ar a mhórshaothar ar Mhairtín Ó Cadhain. Chaith sé tamall fada ar imirce san Astráil. Tá sé ina léachtóir le Gaeilge faoi láthair in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.
- Geall le dialann fhileata atá an dán seo. Tá an file ar saoire, sa Ghréig b'fhéidir, agus tugann sé tuairisc ar na radhairc agus ar na fuaimeanna atá ina thimpeall. Taifead (*recording*) ar eispéireas (*experience*) an fhile atá ann.

III ANAILÍS LITEARTHA

A. Príomhthéama an Dáin

Atmaisféar agus áilleacht an chultúir iasachta is téama don dán seo. Is iad radhairc agus fuaimeanna na tíre a bhfuil an file ar saoire inti a spreagann an file chun cuntas fileata a thabhairt ar an suíomh. Is léir go bhfuil an file ag baint suaimhnis agus aoibhnis as a bheith ag féachaint, ó ionad faire (*view-point*) an fhile atá ar saoire, ar an gcultúr iasachta.

B. Teicnící Liteartha

Íomhánna agus Fuaimeanna

Tá dán de Paor lom lán le híomhánna pictiúrtha. Go deimhin, is í an tsár-úsáid a bhaineann an file as íomhánna a ligeann dó áilleacht agus atmaisféar síochánta na háite a chruthú go healaíonta. Músclaíonn na híomhánna samhlaíocht agus céadfaí an léitheora agus is fusa dúinn an suíomh saoire a shamhlú.

Sa chéad rann tá íomhá ghléineach (shoiléir) de na faoileáin ghlóracha ag eitilt os cionn bhád iascaireachta. Radharc farraige is ea é. Téann an íomhá i gcion ar chéadfa na súile agus na cluaise:

An t-aer na chriathar bán

ag craos glórach na bhfaoileán...

San am céanna tá na gabhair ag gluaiseacht i measc na gcrann líomóide agus a gcloigíní ag bualadh. Radharc tíre atá anseo againn. Arís téann an radharc i bhfeidhm ar an gcluas agus ar an tsúil: íomhá na ngabhar ag comhoibriú go hiontach leis an bhfuaim a dhéanann siad:

Is clogán na ngabhar
ag bualadh go toll
i measc na gcrann líomóin.

An dara rann ar fad, is le saibhreas spioradálta na háite a phléann sé. Is anseo a fhaigheann an léitheoir léargas ar nósanna reiligiúnacha na ndaoine. Cuireann an file íomhá os ár gcomhair de sheanbhean ag triall ar an séipéilín. Is féidir í a shamhlú, gan stró, toisc go dtugtar mionsonraí faoina cuid éadaí: éadaí dubha atá á gcaitheamh aici. Ansin déanann an file comparáid idir a dealramh agus ‘ciaróg chráifeach.’ Is léir ón íomhá ghreannmhar sin nach bhfuil an file páirteach san íomhá, ach go bhfuil sé ag féachaint ón taobh amuigh, gan tuairim ró-dhomhain aige faoi chleachtadh diaga na mná. Tá meafar an-éifeachtach ag deireadh an véarsa, áit a ndéantar comparáid idir fuaim an chloig mheirgigh agus duine atá ag fulaingt le slaghdán. Cuireann na híomhánna agus na fuaimeanna, le chéile, leis an léargas a thugann an file ar thimpeallacht reiligiúnach na háite:

Seanbhean i bhfeisteas caointe
cromtha faoi ualach paidreacha
ina ciaróg chráifeach
ag triall ar an aragal...

Dhá pheannphictiúr atá i véarsa a trí. Sa chéad áit, tá pictiúr de bheirteanna atá i ngrá ag siúl cois trá. Tá dath na gréine orthu agus is léir go bhfuil siad ag baint aoibhnis as a chéile agus as an suíomh rómánsach. Íomhá éifeachtach is ea é a chuireann le hatmaisféar saoire an dáin:

Leannáin órtha ag siúl na trá
ag éisteacht le bladar na farraige...

Sa dara háit tá íomhá de ghasúr atá ar saoire ó Nua Eabhrac ag imirt fichille lena sheanathair. Cé go dtugtar ‘iarlais’ (is é sin páiste a thug na síoga in áit an linbh a ghoid siadsan) ar an ngarmhac, fós tá siad ag imirt cluiche le chéile, cluiche a sháraíonn, is cosúil, deighilt na nglún agus na himirce. Is íomhá chumasach í seo

chun gnéithe éagsúla den chultúr a léiriú: tugann an íomhá léargas dúinn ar shaol na n-óg agus ar shaol na sean san am céanna:

...ag imirt fichille le hiarlais
i mbrístín snámha,
a gharmhac bán ó Bhronx Nua-Eabhrac.

Déanann an íomhá sa rann deireanach tagairt siar do theideal an dáin. Tá an file féin agus a chara ag féachaint ar na radhairc agus ag scríobh cártaí poist abhaile. Is léir ó na focail ‘aibítir solais’ agus ‘beannachtaí gréine’ gur dea-rudaí atá á scríobh acu faoin áit. Íomhá dhearfach í seo a léiríonn na hÉireannaigh ag déanamh ceiliúrtha scríofa ar an áit iasachta agus ar shuaimhneas na saoire:

Ar ardán os cionn na trá
breacaimid aibítir solais ar phár
is seolaimid ár mbeannachtaí gréine
ar chártaí poist go hÉirinn.

Codarsnacht

Chomh maith leis na híomhánna sin thuas baineann an file úsáid luachmhar as codarsnacht sa dán. Tá codarsnacht sna dathanna: na faoileáin bhána, an séipéal aoldaithe i gcodarsnacht le feisteas dubh na mná. Tá codarsnacht, leis, idir óige agus seanaois: ar an lámh amháin tá an tseanbhean agus an t-aoire cianársá; ar an lámh eile tá na leannáin agus an gasúr óg as Nua Eabhrac. Ina theannta sin is léir go bhfuil codarsnacht áirithe ar siúl idir an nua-chultúr agus an seanchultúr, idir iadsan atá ar saoire san áit (na leannáin, an file, an garmhac) agus na daoine a bhaineann ó dhúchas leis an áit (an tseanbhean, an t-aoire). Is í an éifeacht is mó atá leis an gcodarsnacht ná go dtugann sí éagsúlacht spéisiúil dhiamhrach don dán.

IV PLÉCHEIST

‘Tá teideal an-oiriúnach ar an dán ‘Cártaí Poist,’ le Louis de Paor.’ An dearcadh sin a phlé.

Éiceolaí

Biddy Jenkinson

I TÉACS

‘Éiceolaí,’ le Biddy Jenkinson, foilsithe in: *Baisteadh Gintlí*, Coiscéim: Baile Átha Cliath, 1986.

Foclóirín

Éiceolaí – ecologist

Bean béal dorais – bean atá ina cónaí in aice láimhe, comharsa, woman next door

A choinníonn caoi – a choimeádann gach rud néata, who keeps order

A shíleann – a cheapann, who thinks

A choinneáil – a choimeád, to keep

Go baileach – go néata, exactly

Deimheas – shears

Uile rud – gach aon ní, everything

Fiántas – plandaí fiáine, wild growth

Ní fhoighníonn sí – níl foighne aici, she has no patience with

Galar – aicíd, disease

Smál – locht, fault

Féileacán – butterfly

Piast – worm

Ag piastáil – an ghluaiseacht a dhéanann piast, wriggling

Piotail – petals

Ar lár – missing, it let its petals fall

Feachadáin – thistles

Seilidí – snails

De sciurd oíche – ar cuairt tapa san oíche, quickly at night

A cuid leitíse – her lettuce

Síneann driseacha – briars spread out

Fál – claí, hedge

Caorthainn – mountain ash, rowan

Cuil glas – green fly

A thál – to shed

Bainfimid deireadh dúil de – cuirfimid deireadh le, we’ll put an end to

Dá misneach – her courage/determination

II ÚDAR, COMHTHÉACS AGUS SEÁNRA

- Tá idir phrós, dhrámaí agus fhilíocht scríofa ag Bidy Jenkinson. Ainm cleite é sin. Rugadh í i mBaile Átha Cliath agus fuair sí a cuid ollscolaíochta sa chathair chéanna. Tá ceithre leabhar filíochta i gcló aici. Diúltaíonn sí a cuid filíochta a aistriú go Béarla.
- Bíonn gné réabhlóideach le léamh ar a cuid dánta go minic. Ceistíonn sí seantuisicintí faoin nádúr agus faoin inscne go háirithe.
- Sa dán seo, ceistíonn sí tuiscint na mná eile sa dán ar an ngarraíodóireacht.

III ANAILÍS LITEARTHA

A. Príomhthéama an Dáin

Is í an chodarsnacht idir an fiántas agus an néatacht is téama don dán seo. Is fearr go mór fiántas an dúlra, dar leis an bhfile. Tuairim eile ar fad atá ag an mbean bhéal dorais: dar léi is fearr an gairdín a choinneáil néata foirfe. Déanann an file magadh fúithi tríd an dán síos agus, ar an mbealach sin, ceistíonn sí an tuiscint atá aici ar an ‘éiceolaíocht.’

B. Teicnící Liteartha

Codarsnacht

Tá codarsnacht iomlán idir an dearcadh, ar an ngarraíodóireacht, atá ag an mbeirt bhan sa dán.

Is sa chéad rann a dhéanann an file cur síos ar dhearcadh na mná eile. Duine í a bhíonn ar thóir na foirfeachta, ní hamháin sa gharraíodóireacht, ach i ngach aon réimse den saol. Cuireann sí smacht ar a teach, a fear agus a mac. Ceapann sí gur féidir an rud céanna a dhéanamh lena gairdín:

Tá bean béal dorais a choinníonn caoi ar a teach,
a fear, a mac,
is a shíleann gairdín a choinneáil mar iad, go
baileach.

Toisc go mbíonn sí ag iarraidh gach rud a choinneáil néata gearrann sí gach rud a fhásann go nádúrtha. Tá sí foréigneach i dtaobh an dúlra, scriosann sí é. Níl foighne ar bith aici le haon ní nach bhfuil i gceart de réir a tuisceana féin ar an ngairdín. Bíonn sí feargach le smál de chineál ar bith, le péisteanna agus le bláthanna a ligeann a gcuid peiteal ar an dtalamh. Níl meas aici, fiú, ar an bhféileacán bán. Tá sí ag iarraidh an gairdín a smachtú agus a mhúnlú, ní de réir nádúr an fhásra, ach de réir a cuid tuairimí féin:

Ní maith léi fiántas...

Dearcadh eile ar fad atá ag an bhfile: is léir go gceapann sí nár chóir don bhean bhéal dorais a bheith ag iarraidh smacht a choinneáil ar an dúlra. I gcodarsnacht leis an mbean bhéal dorais tá feochadán, seilidí, driseoga agus cuileanna glasa go flúirseach i ngairdín an fhile. Toisc a gairdín a bheith fiáin, séideann síol na bhfeochadán óna gairdín isteach i ngairdín na mná eile. Mar an gcéanna leis na seilidí: téann siadsan ag ithe a cuid leitíse i rith na hoíche; síneann driseoga ó ghairdín an fhile isteach i ngairdín na mná agus titeann cuileanna glasa óna crann ar fhéar na mná eile. Is léir go bhfuil codarsnacht ghlan idir dearcadh na mná agus dearcadh an fhile: tá an file sásta ligean do rudaí fás de réir a nádúir féin, níl meas aici ar an ngnáthghairdín néata:

Cuirim feochadáin chuici ar an ngaoth.

Téann mo sheilidí de sciúird oíche ag ithe a cuid leitíse...

Íoróin agus greann éadrom

Tá íoróin agus greann fite tríd an dán. Sa chéad rann, mar shampla, déanann an file cur síos lom ar an mbean bhéal dorais ach tá intuigthe nach bhfuil meas ag an bhfile ar a gníomhartha. Tá greann ar leith sa líne thosaigh ('Tá bean béal dorais a choinníonn caoi ar a teach, a fear, a mac,'). Toisc go gcuireann an file an teach chun tosaigh tugann sí le fios, ar bhealach réchúiseach, go bhfuil níos mó measa ag an mbean ar a teach ná mar ata aici ar na daoine ina saol.

Is sa dá líne dheireanacha is mó atá an íoróin le feiceáil go gléineach. Tá se mar a bheadh an file, i gcomhar leis an dúlra, ag fógairt catha ar an mbean bhéal dorais. Tugann sí le fios nach bhfuil seans ag an mbean, dáiríre, a gairdín a choinneáil go néata mar go bhfuil an nádúr féin ag comhoibriú in éineacht léi. Is í an íoróin í ná go bhfuil an rud atá cáinte aici sa bhean á dhéanamh anois ag an bhfile: cuireann sí smacht ar an mbean, déanann sí iarracht an lámh in uachtar a fháil uirthi.

IV PLÉCHEIST

‘Sa dán ‘Éiceolaí,’ le Biddy Jenkinson, tá codarsnacht ghlan idir tuiscint an fhile agus tuiscint na mná eile ar an éiceolaíocht.’ An tuairim sin a phlé.

Gadscaoileadh

Máirtín Ó Direáin

I TÉACS

‘Gadscaoileadh,’ le Máirtín Ó Direáin, foilsithe in: *Cloch Choirnéil*, An Clóchomhar: Baile Átha Cliath, 1966.

Foclóirín

Gad – rud a úsáidtear chun rudaí a choimeád le chéile, tie

Más beo do bheo – if one can really say one is alive

Dá n-éis – tar éis

A scaoilis – a scaoil tú, that you loosened

Corpán – duine marbh, corpse

Iontach liom mar éacht é – gníomh suntasach é, I think it’s a great achievement.

Dúchas – luachanna, stair, cultúr na háite inar rugadh an duine, heritage

Dual ar dhual – lúb ar lúb, strand by strand

Ghearrais – ghearr tú

Ait liom – strange to me

I ndiaidh na sceanairte – after the cutting

Iarlais – changeling

Dá gcuirteá – dá gcuirfeá

Dá gcuirteá an scéal im chead – if you were to ask my opinion

A theacht ceart – an rud ceart a dhéanamh, to do the right thing

Go bhfáiscfeá – that you would make tighter

Id’ threo – in your direction

Mar dhúil go – ag súil go, hoping that

Leor eol dom – bhí a fhios agam, I knew well

Nár rugais – nár rug tú

Dem’ dhíomá – to my disappointment

Nár mhaise dom a dtagairt leat – that I shouldn’t think about you

Ní hionann – níl sé cosúil le, its not the same

Ualach – load

I gcuimhne – in memory of

Is faoiseamh a ghuím ort – tá súil agam go mbeidh suaimhneas agat, I pray
relief upon you

II ÚDAR, COMHTHÉACS AGUS SEÁNRA

- Rugadh Máirtín Ó Direáin ar Inis Mór, Árainn, sa bhliain 1910. Sa bhliain 1928 d'fhág sé an t-oileán nuair a fuair sé post in Ard-Oifig an Phoist i nGaillimh. Chuaigh sé go Baile Átha Cliath sa bhliain 1937, áit a raibh sé ag obair don Roinn Oideachais. Ba i mBaile Átha Cliath a thosaigh sé ag scríobh filíochta. I measc na gcnuasach a d'fhoilsigh sé tá *Coinnle Geala* (1942) agus *Ó Mórna agus Dánta Eile* (1957). Fuair sé bás i mBaile Átha Cliath sa bhliain 1988.
- Ba iad gruaim na cathrach agus áilleacht an oileáin na téamaí ba choitianta i saothar Uí Dhireáin. Go minic sheas an t-oileán don dúchas agus sheas an chathair don rud iasachta agus do thréigean an dúchais.
- Cé nach luaitear an t-oileán ná an chathair sa dán seo, fós féin, mar is dual d'fhillíocht Uí Dhireáin, déanann an dán plé ar an dúchas agus ar na luachanna beatha a ghabhann leis an traidisiún.

III ANAILÍS LITEARTHA

A. Príomhthéama an dáin

Tréigean an dúchais is téama don dán seo. Is éard atá i gceist leis an dúchas ná an teanga, na nósanna, na daoine, na luachanna beatha agus gach rud a théann i gcion ar an duine sa phobal agus sa teaghlach ina maireann sé. Má thugann an duine cúl leis na rudaí sin ar fad, beidh sé mar chorpán ar a chosa, dar le Ó Direáin.

Tá téama an ghrá le sonrú sa dán, freisin, ach ní téama lárnach é. Is léir go gcreideann an file gurb é an grá an t-aon rud a tharrthálfaidh an duine a thréigean an dúchas. Is é an grá an t-aon rud a thógfaidh áit an dúchais i saol an duine.

B. Teicnící Liteartha

Meafair agus íomhánna

Tá meafar leanúnach an ghaid le feiceáil ó thús an dáin ar aghaidh. Is ón meafar sin a fhaigheann an dán a theideal. Is éard atá sa ghad ná rud a cheanglaíonn nithe le chéile. Sa dán seo, tá an gad in úsáid chun an nasc a bhíonn idir an duine

agus a dhúchas a chur in iúl. Meafar éifeachtach is ea é mar go gcuireann sé an dúchas in iúl mar rud a bhíonn snaidhmthe go dlúth leis an duine.

Má fhaigheann an duine réidh leis na gaid, is é sin na gaid a cheanglaíonn lena dhúchas é, dar le Ó Direáin, beidh an duine sin cosúil le corpán ar chosa. Meafar is ea an corpán a chuireann éifeacht an ghadscailidh in iúl go láidir:

Más beo do bheo dá n-éis
Na gaid go léir a scaoilis,
Is nach corpán ar do chosa thú
Iontach liom mar éacht é.

Sa chéad rann eile, deir Ó Direáin nach mbeidh fágtha ach ‘iarlais’ má ghearrann an duine na gaid ar fad. Is meafar den chéad scoth é an iarlais. De réir an bhéaloidis is éard a bhí i gceist le hiarlais ná an leanbh, nó an síofra, a d’fhágfadh na síoga nuair a ghoid siad leanbh daonna. Níor bhain an iarlais le teaghlach na ndaoine inar fágadh é, dáiríre, ach ba leanbh é ó dhomhan na síog. Mar an gcéanna don duine a thréigeann an dúchas agus a scaoileann na gaid a choimeádann ceangailte lena dhúchas é: beidh a chéannacht (identity) cailte ag an duine sin:

Gad do dhúchais dual ar dhual
Anuas má ghearrais díot é,
Ait liom i ndiaidh na sceanairte
Más tú atá ann ach iarlais.

Dá mba rud é gur tháinig duine chuige a bhí tar éis a d(h)úchas a thréigean, agus é ag lorg comhairle, is í an chomhairle a chuirfeadh sé ar an duine sin ná leathghad a chur in áit na ngad eile. Níl sé soiléir cad atá i gceist aige le ‘leathghad’, ach is féidir go bhfuil sé ag tagairt don ghrá. Deir sé gur thairg sé leathghad (caidreamh grámhar, b’fhéidir) do dhuine a bhí tar éis na gaid a ghearradh agus nár ghlac sé / sí lena thairiscint. Is trua leis go dtagann smaointe diúltacha isteach ina aigne go minic i dtaobh an duine sin a thréig an dúchas. Admhaíonn sé, áfach, nár chóir dó breithiúnas den chineál sin a dhéanamh ar an duine:

Dá gcuirteá an scéal i mo chead
Déarfainn leat a theacht ceart...

Minic a tháinig de mo dhíomá
Tuairimí agam ort is smaointe,

Nár mhaise dom a dtagairt leat
Dá dtagainn féin ceart i do thaobhsa.

Ansin déanann sé soiléiriú ar a bhfuil i gceist aige le gad: ní hionann an gad agus an t-ualach. Is codarsnacht éifeachtach í seo óir tugann sé le fios nach rud diúltach é an gad agus nach rud é atá trom le hiompar (... ní hionann / Is ualach a ligean síos díot). Filleann Ó Direáin ansin ar íomhá an leathghaid. In ainneoin nár ghlac an duine lena thairiscint de leathghad agus gur thug an duine cúl iomlán dá c(h)ine agus dá d(h)úchas tá sé réidh gach rath a ghuí air / uirthi anois i gcuimhne ar an leathghad.:

Ach i gcuimhne mo leathghaid
Is faoiseamh a ghuím duit.

Caint na nDaoine

Is í gnáthchaint shimplí na ndaoine in Árann a bhíonn in úsáid ag Ó Direáin ina chuid filíochta. Feictear é sin sna híomhánna agus sna meafair a luadh thuas (an gad, an corpán agus an iarlais). Ina theannta sin, is léir go dtéann sé i ngleic le coincheap atá fealsúnta go leor (tréigean an dúchais) i bhfriotal agus le híomhánna atá simplí soiléir agus sothuigthe.

IV PLÉCHEIST

‘Is mairg don té a thréigean an dúchas.’ An ráiteas sin a phlé ag tagairt don dán ‘Gadscaoileadh,’ le Máirtín Ó Direáin.

Foinsí

Bhí na leabhair agus na hailt seo in úsáid ar bhonn tagartha i gcur le chéile an leabhráin:

Ó Direáin, M., *Dánta 1939-1979*. An Clóchomhar Tta.: Baile Átha Cliath, 1980, 1996.

Ó Doibhlin, B., *Litríocht agus Léitheoireacht*. Cló Mercier: Corcaigh agus Baile Átha Cliath, 1973.

Ó Dúshláine, T., *Sraith de Nótaí ar Dhánta na hArdteistiméireachta. Comhar*, 1997.

Ó hOibicín, M., *Réaltra: Filíocht, Prós agus Stair na Gaeilge don Ardteistiméireacht, Ardleibhéal*. An Cló Ceilteach: Baile Átha Cliath, 1995.

Ó Riain, D. & Ó Fearghail, D., *Saíocht: Prós, Filíocht agus Trialacha Tuisceana don Ardteistiméireacht, Ardleibhéal*. Gill & Macmillan Ltd: Baile Átha Cliath, 1995.

O' Toole, Y. & Wade, E., *Dánta agus Scéalta*. An Comhlacht Oideachais: Baile Átha Cliath, 1998.